C/2025/3671

7.7.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/3671)

Féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

'Fragola della Basilicata'

Uimh. AE: PGI-IT-03273 — 24.6.2024

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Fragola della Basilicata'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód ainmníochta comhcheangailte*

— 08 TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

0810 – Torthaí eile, iad úr

0810 10 – Sútha talún

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Tagraíonn an tásc geografach faoi chosaint 'Fragola della Basilicata' do thorthaí na sú talún saothraithe *Fragaria x ananassa*, den ghéineas *Fragaria* agus den fhine *Rosaceae*. Tagraíonn an tásc go heisiach do shútha talún a fhástar sa limistéar geografach sainithe, ar saintréith den limistéar sin tréimhse táirgeachta a mhaireann ó mhí na Samhna go deireadh mhí an Mheithimh. Áirítear réimse leathan cineálacha, mar a leanas: Sabrosa, Inspire, NSG 203, NSG 465, NSG 207, Sabrina, Melissa, Marisol, Flavia, Ardea, Arvem, Elide, Flaminia, Koinè, Ligea, Limvalnera, Marielouise, Medi', Nabila, Partenope, Primavera, Sayra Dearg, Samantha Dearg, Shaida Dearg, Sara Dearg, Renewal, Pajaro, Tudla agus Thetis.

Saintréithe na dtorthaí

cruth cónúil fadaithe

dath glédhearg lonrúil

Saintréithe cáilíochta

blas atá milis agus torthúil go nádúrtha

torthaí ar a bhfuil cailís

méid siúcra nach lú ná 7,5° Brix.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401143).

aigéadacht intoirtmheasctha nach mó ná 9 meq/100 g

raimhre nach lú ná 550 g/cm²

Méid: ní mór méid 25 mm ar a laghad a bheith sna torthaí atá beartaithe lena dtomhailt agus iad úr.

Cáilíocht sláintíochta agus amhairc na dtorthaí:

iomlán agus gan damáiste, glan, saor ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe, folláin, saor ó mhúscán agus ó iarmhair infheicthe táirgí sláinte plandaí, saor ó lotnaidí.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh 'Fragola della Basilicata' a dhéanamh laistigh den limistéar geografach críochaithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Nuair a scaoiltear ar an margadh é, ní mór 'Fragola della Basilicata' a phacáistiú leis na hábhair seo a leanas: cliathbhoscaí déanta as cairtchlár, adhmad agus/nó clár snáithíneach meándlúis, nó as táirgí eile atá neamhdhíobhálach don chomhshaol; ciseoga plaisteacha agus/nó cairtchláir ina bhfuil suas le 1 kg torthaí. Ba cheart meáchan agus méid aonfhoirmeach a bheith i gciseoga pacáistithe. Ní mór méid na méide a bheith rialta.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní fhéadfar 'Fragola della Basilicata' a scaoileadh ar an margadh mura mbeidh siombail TGFC na hEorpa ar an bpacáistíocht in éineacht leis an lógó mar a thaispeántar thíos. Ní mór an t-ainm 'Fragola della Basilicata' a bheith ar an bpacáistíocht freisin i gcarachtair shoiléire dhoscriosta ar féidir iad a idirdhealú go héasca ó aon fhoclaíocht eile. Ní mór na focail 'Tásc Geografach faoi Chosaint' a bheith díreach faoi. Níor cheart aon tuairisc ná téarma seachas na cinn dá bhforáiltear go sainráite a bheith ag gabháil leis an sonrú dá dtagraítear thuas, lena n-áirítear na haidiachtaí: 'tipo' ['cineál'], 'fine' ['fíneálta'], 'superiore' ['sármhaith'], 'selezionato' ['roghnaithe'], 'scelto' ['den chéad scoth'] nó a leithéid. Mar sin féin, is ceadmhach ainmneacha, ainmneacha gnó agus ainmneacha branda a úsáid, ar choinníoll nach bhfuil aon rún adhmholta acu agus nach gcuirtear an ceannaitheoir ar míthreoir leo. Is féidir aon ainm gabháltas nó gort sú talún as a dtagann na torthaí a léiriú freisin. Ní mór gach tásc den sórt sin a bheith ar an lipéad i gcarachtair nach mó ná leath d'airde nó de leithead na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh an táisc gheografaigh faoi chosaint. Ní mór ainm, ainm gnó agus seoladh an táirgeora, chomh maith leis an ollmheáchan bunaidh, a bheith sa réimse radhairc céanna. Féadfar na focail 'Indicazione geografica protetta' [tásc geografach faoi chosaint] a athrá áit ar bith eile ar an gcoimeádán nó ar an lipéad, lena n-áirítear i bhfoirm na n-inisealacha 'I.G.P.' [TGFC]. Ní mór an fhoclaíocht 'Prodotto in Italia' [Arna tháirgeadh san Iodáil] a bheith ar bhaiscí atá beartaithe lena n-onnmhairiú freisin.

Má athraítear méid na híomhá, ní mór an lógó agus an cló a athrú freisin chun cloí leis na comhréireanna coibhneasta.







4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn limistéar táirgeachta an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Fragola della Basilicata' críoch riaracháin na mbardas seo a leanas: Bernalda, Montalbano Jonico, Montescaglioso, Nova Siri, Pisticci, Policoro, Rotondella, Scanzano Jonico agus Tursi.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an tásc geografach faoi chosaint 'Fragola della Basilicata' bunaithe ar cháilíocht an táirge agus ar thoradh an traidisiúin fhada a bhaineann le sútha talún a fhás agus a úsáid in Basilicata.

Cáilíocht

Is é is cúis leis an gcáilíocht gnéithe sonracha den limistéar geografach a fhágann go bhfuil sé oiriúnach chun sútha talún a fhás: ithir, aeráid agus tosca daonna. Rinne idirghníomhaíocht na dtosca sin ceangal idir cáil an táirge agus an áit, sa mhéid go dtugtar 'Fragola della Basilicata' air anois.

Saintréith den limistéar táirgeachta is ea dálaí ithreach agus aeráide atá an-oiriúnach agus a bhfuil tionchar díreach acu ar cháilíocht na dtorthaí. I machaire leathan glárach, tá pH idir 6,5 agus 7,5 ag an ithir. Tá sé draenáilte go maith le gaineamh, siolta agus cré i gcoibhneasa comhionanna, agus oireann sé go foirfe do shútha talún a fhás. Comhlánaítear é sin le cáilíocht shármhaith an uisce a úsáidtear le haghaidh uisciúcháin, a bhfuil seoltas 500 micrishímin/cm i gceist leis. Soláthraíonn an meascán de na tosca sin dálaí talmhaíochta den scoth le haghaidh saothrú sútha talún, rud a léiríonn na saintréithe is fearr atá sna torthaí.

Tá an aeráid séimh, fiú sa gheimhreadh, lena ngabhann meánteocht 10,5 °C agus teocht íosta 1,3 °C. Is annamh go dtiteann teochtaí faoi bhun 0 °C. Bíonn éagsúlachtaí móra teochta neamhghnách. Titeann thart ar 550 mm báisteach ar an meán, a thiteann i gcaitheamh an fhómhair agus an gheimhridh. Tá na cainníochtaí bliantúla de sholas na gréine i measc na gcainníochtaí is airde san Eoraip. Cuireann na tosca sin uile le chéile ar a gcumas do na plandaí sútha talún an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir fás fásúil agus táirgeadh torthaí. Fágann na dálaí sin freisin go mbíonn na leibhéil táirgeachta comhsheasmhach le himeacht ama, ó mhí na Samhna go mí an Mheithimh, rud a áirithíonn go mbaintear an taitneamh is fearr as na sútha talún nuair a itear iad.

Ar deireadh, leis an taithí fhada atá ag feirmeoirí an limistéir ar shútha talún a fhás, cuireadh ar a gcumas dóibh an tairbhe is mó a bhaint as saintréithe nádúrtha na talún a mheaitseáil le hacmhainneacht na gcineálacha éagsúla - an comhcheangal fíor-riachtanach chun torthaí ardcháilíochta a tháirgeadh. Tá an raon cineálacha le haghaidh 'Fragola della Basilicata' leathan. Is toradh é sin ar an mbealach dea-chothromaithe inar chomhdhlúthaigh táirgeoirí an cumas na cineálacha a oiriúnú don timpeallacht fáis.

Deimhníodh ardcháilíocht na sútha talún leis an taighde a rinne aonad oibríochtúil mheitheal 'Fragola' [sú talún] ALSIA-Regione Basilicata, an Ghníomhaireacht Réigiúnach um Nuálaíocht agus Forbairt Talmhaíochta, ar a fheirm taighde, mar chuid de thionscadal arna mhaoiniú ag an Aireacht um Beartais Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta maidir le liostaí réigiúnacha de chineálacha ornáideacha plandaí a thugann torthaí (1993-2015). Mar chuid den tionscadal foriomlán, rinneadh comparáidí idir táirgí i gcúig réigiún i ndeisceart na hIodáile - Campania, Basilicata, Calabria, an tSicil agus an tSairdín - idir 2002 agus 2008, agus idir 2010 agus 2014. Foilsíodh na torthaí in *Monografia di cultivar di Fragola* [Monagraf maidir le saothróga sútha talún] arna chur in eagar ag W. Faedi et al., an Róimh, MiPAAF-CRA 2009 agus 2015. Is léir ó na torthaí sin go bhfuil na cineálacha a fhástar mar 'Fragola della Basilicata' ar cháilíocht níos fearr ná sútha talún a fhástar i limistéir eile i ndeisceart na hIodáile i leith céimeanna Brix agus aigéadacht níos ísle, mar a leagtar amach in Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus i bpointe 3.2 den doiciméad aonair.

Tá caidreamh láidir cruthaithe ag tomhaltóirí a bhfuil meas acu ar 'Fragola della Basilicata' leis na saintréithe cáilíochta sin. Nuair a cheannaíonn tomhaltóirí an táirge, aithníonn siad gur fiú praghas níos airde a íoc i gcomparáid le sútha talún ó limistéir eile (foinsí: An Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch - Faireachlann Praghsanna, an tuarascáil is déanaí: 22 Eanáir 2025; SO.GE.M.I. S.p.A. – Margaí Feirmeoirí Milano; Veronamercato S.p.A. – Consultazione listini).

Stair an tsaothraithe agus na húsáide

Ó thaobh na staire de, tá saothrú agus úsáid sú talún in Basilicata bunaithe ar na tosca seo a leanas agus is leo a chuimsítear iad:

— tosca cultúrtha: le linn na ré Gréag-Rómhánaigh, ainmníodh limistéir go speisialta, ag síneadh siar ón Meiteapontino, an chuid chósta de Basilicata ar an Muir Iónach;

— tosca traidisiúnta: is cuid lárnach den aiste bia áitiúil iad sútha talún agus úsáidtear iad chun críoch míochaine;

— tosca taighde talmhaíochta: fás sútha talún a athbhunú i dtalamh talmhaíochta an réigiúin inar fásadh go traidisiúnta iad;

— tosca sóisialta: tá pobail a chónaíonn níos faide amach páirteach sna limistéir tháirgeachta, cé go bhfuil siad fós laistigh den réigiún, ach tá baint acu leis na sútha talún a bhaint.

Ar dtús, d'fháig cineál an-mheatach na dtorthaí nach dócha go ndíolfaí é ar mhargaí in áiteanna eile san Iodáil nó ar an gcoigríoch. Sa 17ú céad, tháinig méadú ar fheirmeoireacht sútha talún mar thoradh ar an bhfonn a bhí ar dhaoine na torthaí agus na duilleoga a thomhailt. I limistéar traidisiúnta Shliabh Vulture, bhí an cleachtas traidisiúnta sútha talún a fhás taobh leis na fíniúnacha a cuireadh ar fhánaí an bholcáin fós ar siúl ag tús an 20ú céad. Cuireadh na sútha talún idir fíniúnacha, feadh imill na n-áiteanna idir sraitheanna a úsáidtear le haghaidh na buainte agus chun rith chun srutha dromchla a atreorú go tráthrialta.

Mar chuid de chultúr bia réigiúnach atá bunaithe den chuid is mó ar phlandaí a ithe - gráinní, piseánaigh, glasraí, fíon, ola olóige agus torthaí - aithnítear go bhfuil airíonna sláinte agus míochaine ag na sútha talún. Go luath sna 1800idí, de réir Statistica Murattiana, rinneadh sútha talún agus a nduilleoga (ar a dtugtar 'Fragaria' freisin i gcás Basilicata) a aithint go hoifigiúil lena n-úsáid sa chógas luibhe agus measadh gurbh fhiú iad a lua mar 'úsáideach sna ceirdeanna' leighis agus gastranamaíochta i mbardais Melfi agus Rapolla. Leathnaíodh é sin chuig Venosa agus ansin Barile, Ripacandida, Ginestra agus Maschito, áit ar bhain siad úsáid as an téarma 'arbëreshë' ('drethza' san Albáinis a chiallaíonn 'sú talún'; Statistica Ríocht Napoli in 1811, arna chur in eagar ag D. Demarco, imleabhar III, an Róimh, a fuair Accademia Nazionale dei Lincei in 1988). Thart ar chéad bliain ina dhiaidh sin, sa limistéar céanna de Melfese, rinneadh iarrachtaí sútha talún den chineál *Fragaria x ananassa* a fhás, rud a tharraing aird na múinteoirí taistil maidir le táirgeadh sútha talún déanacha. Rinneadh taighde freisin ar na sútha talún a chaomhnú ar feadh suas le 4 lá tar éis na buainte (*Rivista della stamp agraria, in L'Agricoltura del Melfese*, imleabhar I, 1910).

Ar an gcósta Iónach, thosaigh saothrú sútha talún i ndáiríre thart ar 1961. Thagadh oibrithe séasúracha ó shráidbhailte éagsúla i limistéar intíre Basilicata, áit ina mbuantaí sútha talún fiáine freisin, mar a tharla in Lagonegrese. Mar thoradh ar an taighde a rinneadh in Venosa, Villa d'Agri (Marsicovetere) agus níos déanaí in Rotonda, in Valsinni agus sna pobail ar an gcósta Iónach, ó Bernalda go Nova Siri (limistéar geografach Metapontino), rinne Oifig Talmhaíochta Cúige Matera an t-ainmniúchán áitiúil 'Fragola della Basilicata' a cheapadh go hoifigiúil in 1969. I measc na bpobal sa limistéar táirgeachta, sheas Metapontino amach láithreach mar an limistéar is oiriúnaí chun na sútha talún a fhás.

Aithnítear leis an rogha sin an cultúr agus an traidisiún a chuimsítear san ainmniúchán, Ar an bpacáistíocht le haghaidh táirgí traidisiúnta na hIodáile i sreangshiopaí móra miondíola, tá an fhoclaíocht seo le feiceáil: 'Ar dhath glédhearg, tá Fragole della Basilicata milis agus an-bhlasta amach is amach agus tá bia dlúth agus teann ann'. Is í Basilicata, nó ina ionad sin Metapontino, machaire a bhfuil an Muir Iónach timpeall air ar saintréith di samhradh te tirim agus geimhreadh fliuch séimh, an timpeallacht idéalach chun sútha talún a fhás. Tugtar 'California na hIodáile' air fiú (foinse: *Terre d'Italie*).

Imeachtaí agus oidis

In 1969, tugadh an tásc geografach 'Fragola della Basilicata' isteach i gcaint na ndaoine chun an táirge sonrach a shainaithint sa limistéar geografach sainithe. In 1997, bhí na focail 'Fragola della Basilicata' le feiceáil ar shonraisc agus is féidir iad a fheiceáil anois ar phacáistíocht cuideachtaí agus miondíoltóirí móra. Thairis sin, tá méadú tagtha ar ócáidí agus ar imeachtaí atá tiomnaithe don táirge, lena n-áirítear Giornate FAI di Primavera (féile earraigh Chiste Comhshaoil na hIodáile); Fragola della Basilicata Party in Policoro agus Sagra della Fragola della Basilicata [féile chun Fragola della Basilicata a cheiliúradh] in Scanzano Jonico. Is léir ó oidis le haghaidh subha agus milseog go bhfuil meas ar an táirge i subha agus i gcácaí - toirtín ina bhfuil *crème patissière* agus subh bhreise 'Fragola della Basilicata' [déanta le níos mó torthaí i gcomhréir le siúcra]; friochtóga sú talún, *coulis* agus mionbhruar a dhéantar as 'Fragola della Basilicata' - arna fhoilsiú sna mórmheáin agus ar shuíomhanna gréasáin, agus bhuaigh siad duais in 2025 le Gradam Cáilíochta 2025 (foinse: QA2025, Tástáil tomhaltóirí).

Baineadh úsáid as 'Fragola della Basilicata' chun an toirtín sú talún is faide ar domhan a dhéanamh: 60,48 méadar in Scanzano Jonico in 2019, agus 105,25 méadar in Muro Lucano in 2023, bhuail an dá toirtín sin an churiarracht a bhí ag an bhFrainc roimhe sin, ba é sin 32,24 mhéadar. Tá cáil ar an táirge freisin mar gheall ar a úsáidí cócaireachta agus úsáideann cuideachtaí amhail Gruppo Fini (ar a dtugtar Non Solo Buono freisin) é chun subh a dhéanamh, agus tá cáil air sa Pholainn freisin. Is comhábhar é i mbarraí seacláide sú talún (arna ndéanamh ag Marco Colzani) agus in oideas líreacán reoite an tionchaire Michela Coppa.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252Fd%252Ff%252FD.9b0adc6bcb8264fe9ebd/P/BLOB%3AID%3D3335/E/pdf?mode=download